Cé as a dtagann na tonnta?

Cé as a dtagann na tonnta?
Cé as a dtagann siad go léir?
Cé as a dtagann na tonnta?
Cé as a dtagann siad go léir?

Ní ghlacann siad briseadh
Ní stopann siad riamh
Codlaíonn an ghealach
Codlaíonn an ghrian ... ach

Cé as a dtagann na tonnta?
Cé as a dtagann siad go léir?
Cé as a dtagann na tonnta?
Cé as a dtagann siad go léir?

Réamhéisteacht:

- **Eiseamláirí teanga a bhféadfaí a mhúineadh, sula gcloiseann na páistí an t-amhrán:**

Cé as a dtagann _____

Samplaí:

Cé as a dtagann bainne?

Cé as a dtagann an cangarú?

Cé as a dtagann Spongebob Squarepants?

© 2004 Ceol agus Liricí – Tadhg Mac Dhonnagáin

Codlaíonn an _____

Samplaí:

Codlaíonn an leanbh an lá ar fad.

Codlaíonn an broc sa gheimhreadh.

- **Ábhar an dáin a phlé:**

Céard is tonn ann?

An bhfaca tú na tonnta riamh?

Ar chuala tú na tonnta riamh?

An stopann siad san oíche? Cén fáth?

Iaréisteacht:

Déan mím – roinn an rang ina thrí líne. Beireann an chéad líne ar láimh a chéile agus ritheann siad isteach, mar thonn ag briseadh ar an trá. Éiríonn siad arís agus timpeall leo ar chúl na línte eile, sula mbeireann an chéad líne ar láimh a chéile agus ritheann isteach, mar thonn ag briseadh ar an trá. Lean ar aghaidh mar sin go ceann tamaill!

Comhtháthú:

Eolaíocht:

Cén fáth go bhfuil tonnta ann san fharraige?

Déan taighde ar an idirlíon faoi chinéalacha éagsúla tonnta.

© 2004 Ceol agus Liricí – Tadhg Mac Dhonnagáin